# NATIONAL COUNCIL FOR SPECIAL EDUCATION

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA UM OIDEACHAS SPEISIALTA

## Tuarascáil agus Ráitis Airgid

## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

---

**<u>CLÁR ÁBHAIR</u>** **<u>LEATHANACH</u>**


| | |
|---|---|
| INFORMATION | 2 |
| REPORT OF THE COMPTROLLER AND AUDITOR GENERAL | 3 - 4 |
| GOVERNANCE STATEMENT AND COUNCIL MEMBERS' REPORT | 5 - 11 |
| STATEMENT ON INTERNAL CONTROL | 12 - 14 |
| STATEMENT OF INCOME AND EXPENDITURE AND RETAINED REVENUE RESERVES | 15 |
| STATEMENT OF COMPREHENSIVE INCOME | 16 |
| STATEMENT OF FINANCIAL POSITION | 17 |
| STATEMENT OF CASH FLOWS | 18 |
| NOTES TO THE ACCOUNTS | 19 - 29 |

## Faisnéis

---

**Comhaltaí na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta:**

2023-2026
Dr. Fergal Lynch (Cathaoirleach)
An tUas. Pat Goff (Leas-
Chathaoirleach)
Dr. Peter Archer
An tUas. Eamon Clavin
Eileen Daly U a s .
An tUas. Dharragh Hunt
Catherine Cross, Uas.
Dr. Michael Redmond Dr.
Deirbhile Nic Craith Uas.
Caroline Quinn
Dr Yvonne Kennedy
Angela O'Neill
Diarmuid Dullaghan

### Príomhfheidhmeannach:

Mr. John Kearney

### Ceannoifig:

1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Co. na Mí

### Cuntasóirí:

Forvis Mazars, Bloc 3, Ionad Fhearchair, Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2

### Iniúchóirí:

Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, 3A, Sráid an Mhéara Uachtarach, Baile Átha Cliath 1

### Baincéirí:

Banc na hÉireann, Faiche an Choláiste, Baile Átha Cliath 2

# Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Comptroller and Auditor General

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais,

## An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

### Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025 mar a éilítear faoi fhorálacha an Achta um Oideachas do dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta acu, 2004. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- ráiteas ioncaim agus caiteachais agus ar chúlchistí coinneála ioncaim
- ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- ráiteas ar staid airgeadais
- ráiteas sreafaí airgid, agus
- na nótaí a ghabhann leo lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is í mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léiriú fírinneach agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2025 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2022 de réir an an Chaighdeáin Tuairisithe Airgeadais (CTA) 102 — *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus in Éirinn*.

### *An Bonn leis an Tuairim*

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoina caighdeáin sin in aguisín na tuarascála seo. Táim neamhspleách ar an gComhairle agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gurb iomchuí í an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam chun bonn do mo thuairim a sholáthar.

### Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an gComhairle mar aon leis na ráitis airgeadais. Áirítear air sin tá an ráiteas ar rialachas agus tuairisc ó chomhaltaí na Comhairle ar rialú inmheánach.

Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí chun tuairisciú maidir le faisnéis mar sin, agus ar ábhair áirithe eile ar a ndéanaim tuairisciú go heisceachtúil in aguisín na tuarascála seo.

Níl aon rud le tuairisciú ar na cúrsaí sin.

Mary Henry

**Mary Henry**
**Le haghaidh agus thar ceann an**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Comptroller and Auditor General**

**5 Meitheamh 2026**

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

*Aguisín leis an tuarascáil*

### Freagrachtaí chomhaltaí na Comhairle

Tá na comhaltaí freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a leagtar síos faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta acu, 2004
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheas cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid an bhoinn cuntasaíochta gnóthais leantaigh iomchuí agus
- an rialú inmheánach siúd a mheastar a bheith riachtanach chun ullmhú ráitis airgeadais a chumasú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, is cuma an mar thoradh ar chalaois nó earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta acu, 2004, ceanglaíteat orm iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na Comhairle agus tuairisc a thabhairt orthu chuig Tithe an Oireachtais.

Is í an aidhm atá agam agus mé ag déanamh an iniuchta ná cinnteacht réasúnach a fháil ar an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráitis ábhartha nó nach bhfuil, is cuma an mar thoradh ar chalaois nó earráid. Is ionann cinnteacht réasúnach agus leibhéal ard cinnteachta, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna míshonrú ábhartha más ann dó. D'fhéadfadh míráitis teacht ó chalaois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha, ina n-aonar nó go comhiomlán, má cheaptar go réasúnach go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a ghlactar ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Bainim úsáid as breith ghairmiúil agus bíonn amhras gairmiúil orm le linn an iniúchta mar chuid den iniúchadh de réir na ISAnna. Agus mé á dhéanamh sin,

- Aimsím na rioscaí go ndéanfaí míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu, de dheasca calaoise nó earráide agus déanaim measúnú air sin; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin agus cuirim i gcrích iad; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is mó an riosca nach mbraifear míráiteas ábhartha de dheasca calaoise ná de dheasca earráide, de bhrí gur féidir go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, faillí d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach i gceist i gcalaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun modhanna iniúchta a dhearadh a bheidh oiriúnach do na cúinsí atá ann, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Measaim ábharthacht na bpolasaithe cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúnacht mheastacháin chuntasaíochta agus nochtuithe a bhaineann leo.
- Déanaim cinntí maidir le cuibhiúlacht úsáid an bhoinn ghnóthais leantaigh cuntasaíochta agus, ar bhonn na fianaise iniúchóireachta a fuair mé, tuairiscím maidir le neamhchinnteacht ábhartha a bheith ann i ndáil le teagmhais nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a ardú maidir le cumas na Comhairle leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má dhéanaim amach go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a dhíriú i mo thuarascáil ar na nochtaí gaolmhara sna ráitis airgeadais, nó mura leor na nochtaí sin, mo thuairim a mhionathrú. Bunaím mo chonclúidí ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear suas go dáta m'iniúchta. Mar sin féin, d'fhéadfadh nach leanfadh an Chomhairle ar aghaidh mar ghnóthas leantach mar thoradh ar theagmhais nó dálaí a tharlóidh amach anseo.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar iomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtaí agus cibé an dtugann na ráitis airgeadais léiriú ar na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar shlí a thugann léiriú cothrom.

Déanaim teagmháil leo siúd atá freagrach as rialachas maidir leis an raon feidhme agus am atá beartaithe don iniúchadh agus torthaí iniúchta suntasacha, lena n-áirítear aon easnamh suntasach sa rialú inmheánach a aithním le linn mo chuid iniúchóireachta.

Tuairiscím trí eisceacht más rud é, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an t-eolas nó na mínithe ar fad atá ag teastáil do m'iniúchadh nó
- murar leor iad na taifid chuntasaíochta chun iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais go tráthúil agus go cuí, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid cuntasaíochta.

#### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a thugtar leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon tátail chinnteachta ina taobh.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAnna faisnéis eile a thugtar a léamh agus, leis sin, a mheas an bhfuil an t-eolas eile ar neamhréir go ábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an bhfaisnéis a fuarthas le linn an iniúchta, nó an mbreathnaíonn sé go bhfuil sé míshonraithe ar shlí ábhartha. Más rud é go mbainim tátal as, go bhfuil míráiteas ábhartha ar an eolas eile seo, bunaithe ar an obair atá déanta agam, tá sé de chúram orm é sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistíocht agus oibriúchán. Tuairiscím má aimsím nithe ábhartha a bhaineann leis an mbealach inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Féachaim le fianaise a fháil i gcúrsa an iniúchta ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím má aimsím aon chás ábhartha nuair nach raibh airgead á úsáid chun na críche a leagadh síos ina leith nó sa chás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a bhí á rialú.

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas Rialachais agus Tuairisc ó Chomhaltaí na Comhairle

---

**Rialachas**

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) mar chomhlacht reachtúil neamhspleách trí ordú an Aire Oideachais i mí na Nollag 2003. Bunaíodh go foirmiúil é faoin Acht um Oideachas do dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu, 2004 (Acht EPSEN) le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2005.

Leagtar amach feidhmeanna na Comhairle in alt 20 d'Acht EPSEN. Tá an Chomhairle freagrach don Aire Oideachais agus tá sí freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Is é an POF a dhéanann foireann, riarachán agus gnó na Comhairle a bhainistiú agus a rialú go ginearálta de réir mar a leagtar amach in alt 24 d'Acht EPSEN. Is é an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann bainistíochta shinsearach atá freagrach as as an gComhairle a bhainistiú agus a rialú agus as treo a thabhairt di ó lá go lá. Leanann an POF agus an fhoireann bainistíochta shinsearach an treo straitéiseach a leagtar amach sa Ráiteas Straitéise (2023-2026) arna fhaomhadh ag an gComhairle agus déanann siad deimhin de go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach ball den gComhairle ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar rioscaí suntasacha ar bith ar dócha go dtiocfaidís chun cinn.

**Freagrachtaí na Comhairle**

Leagtar amach obair agus freagrachtaí na Comhairle in Acht EPSEN agus sa Treoir um Rialachas Corparáideach do bhaill na Comhairle ina leagtar amach go sainiúil gnóthaí nach ndéileálann ach an Chomhairle leo. Mínítear gnó agus dualgais na Comhairle tuilleadh i Téarmaí Tagartha agus i mBuanorduithe na Comhairle. I measc na mbuanmhíreanna a bhreithnigh an Chomhairle tá:

- dearbhú leasanna
- tuarascálacha ó choistí
- tuairiscí airgeadais/cuntais bhainistíochta
- tuairiscí feidhmíochta
- gnóthaí forchoimeádta.
- athbhreithniú ar rioscaí a bhaineann le CNOS

De réir ailt 29 d'Acht EPSEN tá ar Chomhairle CNOS gach gnáthchuntas cuí d'airgead a fhaigheann sí agus a chaitheann sí a choinneáil i cibé foirm a cheadóidh an tAire Oideachais agus Scileanna le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na cuntais airgeadais seo á n-ullmhú aici tá ar Chomhairle CNOS:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin mura cuí glacadh leis go leanfaidh sé ar aghaidh i mbun oibriúcháin
- a chur in iúl cé acu ar cloíodh nó nár cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta atá infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Is í an Chomhairle atá freagrach freisin, as taifid chuntasaíochta chuí a choinneáil a nochtann le cinnteacht réasúnta a staid airgeadais am ar bith agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht le riachtanais Acht EPSEN. Cloíonn an CNOS le nósanna imeachta cuntasaíochta an rialtais maidir le hullmhú na ráiteas airgeadais agus faoi Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn).

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
## Ráiteas Rialachais agus Tuairisc ó Chomhaltaí na Comhairle

Tá an Chomhairle freagrach as an bplean bliantúil agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh measúnacht ar fheidhmíocht CNOS trí thagairt a dhéanamh don phlean bliantúil agus don bhuiséad ag cruinniú na Comhairle ar an 10ú agus ar an 11ú Nollaig 2025. Is é an Chomhairle atá freagrach leis, as sócmhainní CNOS a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Lena chois sin déanann an Chomhairle measúnú cuí ar phríomhrioscaí na Comhairle lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí sin mar aon le bearta nó straitéisí cuí maolaithe.

Measann an Chomhairle go dtugtar léargas fíor cothrom i ráitis airgeadais an CNOS ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an CNOS amhail an 31 Nollaig 2025.

**Struchtúr na Comhairle**

Ar an gComhairle tá Cathaoirleach agus aon ghnáthbhall déag, arb é an tAire Oideachais a cheapann iad sin go léir le haghaidh téarma ceithre bliana. Cuireadh tús le ceapachán Comhairle nua an 1 Eanáir 2023; ba fhir iad seachtar ball den Chomhairle agus ba mhná seisear díobh. Tá d'oibleagáid ar an gComhairle sé chruinniú in aghaidh na bliana a reáchtáil ar a laghad agus in 2025 tháinig an Comhairle le chéile sé huaire.

| Comhalta den Chomhairle | Ról | Tréimhse Ceapacháin |
|---|---|---|
| Dr Fergal Lynch | Cathaoirleach | 22 Lúnasa 2023 - 31 Nollaig 2026 |
| Pat Goff* | Leas-Chathaoirleach | 01 Eanáir 2023 - 31 Nollaig 2026 |
| Dr Peter Archer* | Gnáthbhall | 01 Eanáir 2023 - 31 Nollaig 2026 |
| Eamon Clavin* | Gnáthbhall | 20 Aibreán 2023 - 31 Nollaig 2026 |
| Eileen Daly* | Gnáthbhall | 01 Eanáir 2023 - 31 Nollaig 2026 |
| Dharragh Hunt* | Gnáthbhall | 01 Eanáir 2023 - 31 Nollaig 2026 |
| Catherine Cross | Gnáthbhall | 01 Eanáir 2023 - 31 Nollaig 2026 |
| Dr Michael Redmond | Gnáthbhall | 01 Eanáir 2023 - 31 Nollaig 2026 |
| Dr Deirbhile Nic Craith* | Gnáthbhall | 01 Eanáir 2023 - 31 Nollaig 2026 |
| Caroline Quinn | Gnáthbhall | 01 Eanáir 2023 - 31 Nollaig 2026 |
| Dr Yvonne Kennedy | Gnáthbhall | 20 Aibreán 2023 - 31 Nollaig 2026 |
| Angela O'Neill* | Gnáthbhall | 01 Eanáir 2023 - 31 Nollaig 2026 |
| Diarmuid Dullaghan | Gnáthbhall | 20 Aibreán 2023 - 31 Nollaig 2026 |

Tá na baill a bhfuil* lena n-ainmneacha ag fónamh ar an gComhairle den dara téarma as a chéile

Bhunaigh an Chomhairle cúig Choiste faoi Alt 33 d'Acht EPSEN. Tuairiscíonn na Coistí chuig an gComhairle de réir a gcuid téarmaí tagartha agus treoirlíne rialachais mar atá leagtha síos ag an gComhairle. Fónann comhaltaí na Comhairle ar Choiste amháin nó ar níos mó Coistí. I gcás an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tá Cathaoirleach seachtrach ceaptha ag an gComhairle ag a bhfuil an saineolas ábhartha.

Tá na coistí mar a leanas:

1. **An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**

Tá triúr ball den Chomhairle ar an gCoiste agus tá Cathaoirleach seachtrach ar an gCoiste. Is é an ról atá ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ná tacú le Comhairle CNOS maidir lena freagrachtaí as ceisteanna maidir le riosca, rialú agus rialachas trí athbhreithniú a dhéanamh ar iomláine a gcuid dearbhuithe iontaofachta i ndáil le riachtanais na Comhairle maidir le dearbhuithe iontaofachta a chomhlíonadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar iontaofacht agus iomláine na ndearbhuithe iontaofachta sin. Coiste neamhspleách atá ann ó thaobh feidhmiú de, freagrachtaí, clár oibre a chinntiú agus faireachán a dhéanamh air. Níltear faoi smacht ag treoir ná rialú ó aon pháirtí eile a d'fhéadfadh cur isteach ar an bhfeidhmiú. Bíonn ar a laghad ceithre chruinniú in aghaidh bliana ag an gCoiste agus scaiptear na miontuairiscí ar gach ball den Chomhairle. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca chuig an gComhairle tar éis gach cruinniú Coiste. Is iad Lisa Campbell (Cathaoirleach), Peter Archer, Pat Goff, agus Deirbhile Nic Craith baill an choiste. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2025.

2. **Coiste Feidhmíochta POF**

Ar an gCoiste Feidhmíochta POF tá triúr ball Comhairle agus Cathaoirleach na Comhairle san áireamh ann. Is é ról an Choiste é athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht an POF maidir leis an bPlean Gnó eagraíochta. Bíonn ar a laghad dhá chruinniú in aghaidh bliana ann. Is iad Fergal Lynch (Cathaoirleach), Peter Archer agus Pat Goff baill an Choiste. Bhí dhá chruinniú ag an gCoiste Feidhmíochta POF in 2025.

3. **An Coiste Airgeadais**

Ar an gCoiste Airgeadais tá ceathrar ball Comhairle. Is é ról an Choiste Airgeadais é an Chomhairle a uasdátú is a chomhairliú maidir lena staid airgeadais. Ról comhairleoireachta atá ag an gCoiste, iad ag tuairisciú agus ag moladh chun tacú le cinntí airgeadais na Comhairle á ndéanamh. Is iad Deirbhile Nic Craith (Cathaoirleach), Eileen Daly, Caroline Quinn agus Diarmuid Dullaghan baill an Choiste. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste Airgeadais in 2025.

4. **An Coiste Taighde**

Ar an gCoiste Taighde tá ceathrar ball Comhairle. Cuireann an Coiste Taighde comhairle ar an gComhairle faoin bpolasaí taighde agus faoin gclár taighde agud bíonn ionchur cuí saineolach uathu maidir le beartas taighde na Comhairle agus a gclár ilbhliantúil taighde a fhorbairt go straitéiseach. Is iad Peter Archer (Cathaoirleach), Dharragh Hunt, Catherine Cross agus Yvonne Kennedy baill an Choiste. Bhí dhá chruinniú ag an gCoiste Taighde in 2025.

5. **An Coiste Straitéise agus Beartais**

Ar an gCoiste Straitéise agus Beartais tá ceathrar ball Comhairle. Is é ról an Choiste é ionchur cuí a sholáthar maidir le comhairle beartais agus gníomhaíochtaí straitéiseacha leanúnacha an CNOS a fhorbairt. Is iad Pat Goff (Cathaoirleach), Angela O'Neill, Eamon Clavin agus Michael Redmond baill an Choiste. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Straitéise agus Beartais in 2025.

### Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansais

Leagtar amach sceideal tinrimh ag cruinnithe na Comhairle agus ag cruinnithe an Coiste in 2025 anseo thíos mar aon le táillí agus speansais a fuair gach comhairle i ndáil lena gcuid dualgais Chomhairle.

| | Comhairle | Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | POF Coiste Feidhmíochta | Coiste Airgeadais | Coiste Taighde | Coiste Straitéise agus Beartais | Táillí 2025 € | Speansais 2025 € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon na gcruinnithe** | **6** | **6** | **2** | **6** | **2** | **4** | | |
| Dr. Fergal Lynch | 6 | | 2 | | | | - | 1,315 |
| Pat Goff | 5 | 6 | 1 | | | 4 | - | 2,342 |
| Dr. Peter Archer | 6 | 5 | 2 | | 2 | | - | 350 |
| Eamon Clavin | 5 | | | | | 4 | - | 531 |
| Eileen Daly | 6 | | | 5 | | | - | 260 |
| Dharragh Hunt | 6 | | | | 2 | | - | |
| Catherine Cross | 6 | | | | 1 | | - | |
| Dr. Michael Redmond | 6 | | | | | 4 | - | |
| Dr. Deirbhile Nic Craith | 6 | 5 | | 6 | | | - | 348 |
| Caroline Quinn | 6 | | | 6 | | | - | 236 |
| Dr. Yvonne Kennedy | 6 | | | | 2 | | - | |
| Angela O'Neill | 5 | | | | | 4 | - | |
| Diarmuid Dullaghan | 6 | | | 6 | | | - | |
| Lisa Campbell [1] | | 6 | | | | | - | |
| **Iomlán** | | | | | | | **-** | **5,382** |

Ní íoctar táillí do chomhaltaí na Comhairle maidir lena ról mar chomhaltaí Comhairle an CNOS.

### Príomhathruithe Pearsanra

Tháinig Príomhoifigeach nua amháin isteach san eagraíocht in 2025.

### Nochtuithe a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Chomhairle freagrach as a chinntiú gur chomhlíon CNOS riachtanais Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 ("an Cód") de réir mar atá sé foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Tá na nochtuithe thall riachtanach de réir an Chóid.

[1] Ní comhalta den Chomhairle í Lisa Campbell. Ceapadh é mar Chathaoirleach seachtrach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca de bharr go bhfuil an taithí ábhartha aice. Freastalaíonn Lisa ar chuid de chruinniú de chuid na Comhairle gach bliain mar chuid dá ról ar an gCoiste sin.

***Miondealú ar Shochair Ghearrthéarma Fostaithe***

Déantar sochair ghearrthéarma fostaithe os cionn €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

| **Raon sochar iomlán na bhfostaithe** | | **Líon na bhfostaithe** | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2025** | **2024** |
| €0 | €9,999 | 40 | 44 |
| €10,000 - | €19,999 | 22 | 31 |
| €20,000 - | €29,999 | 32 | 44 |
| €30,000 - | €39,999 | 66 | 39 |
| €40,000 - | €49,999 | 34 | 28 |
| €50,000 - | €59,999 | 22 | 30 |
| €60,000 - | €69,999 | 49 | 30 |
| €70,000 - | €79,999 | 61 | 52 |
| €80,000 - | €89,999 | 29 | 16 |
| €90,000 | €99,999 | 10 | 3 |
| €100,000 | €109,999 | 2 | 2 |
| €110,000 | €119,999 | 2 | 1 |
| €120,000 | €129,999 | | 2 |
| €130,000 | €139,999 | 2 | |
| €160,000 | €169,999 | | 1 |
| €170,000 | €179,999 | 1 | |

Is Ard-Rúnaí Cúnta de chuid na státseirbhíse atá sa Phríomhfheidhmeannach (POF).
Grád ginearálta. Ba é € 178,512 (2024: € 165,285) luach saothair iomlán an POF don tréimhse airgeadais.

Ba é €809,193 (2024: €720,477) an luach saothair iomlán do phríomhphearsanra bainistíochta do 2025. Is iad an POF agus na Príomhoifigigh a thuairiscíonn go díreach don POF na príomhphearsanra bainistíochta.

***Costais Chomhairleoireachta***

Ar chostais chomhairleoireachta áirítear costas ar chomhairle ón taobh amuigh ar an mbainistíocht agus ní áirítear orthu feidhmeanna 'gnó mar is gnách' seachfhoinsithe san áireamh.

| | **2025** | **2024** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| TF/ Comhairleoireacht Sonraí | 27,841 | 84,794 |
| Trasfhoirmiú/Feabhsú ar Phróiseas Gnó | 215,593 | - |
| Comhairle maidir le Cumarsáide | - | 4,999 |
| **Costais Chomhairleoireachta iomlána** | **243,434** | **89,793** |

***Costais agus Socraíochtaí Dlí***

Sa tábla thíos tugtar miondealú na méideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le himeachtaí dlí. Is é an CNOS an freagróir ainmnithe i líon beag cásanna dlí leanúnacha a bhféadfadh an CNOS costais bhreise a thabhú mar thoradh orthu, ach níorbh fhéidir na costais seo a mheas go cruinn.

| | **2025** | **2024** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Costais Dlí | 188,830 | 103,314 |

***Caiteachas Taistil agus Cothabhála***

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a chatagóiriú mar seo a leanas:

| | **2025** | **2024** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Baile:** | | |
| Fostaithe na | 5,382 | 6,976 |
| Comhairle | 2,349,786 | 2,098,692 |
| **Idirnáisiúnt:** | | |
| Fostaithe na | Nil | Nil |
| Comhairle | 45,520 | 27,032 |
| **Iomlán** | 2,400,688 | 2,132,700 |

Taifeadtar taisteal agus cothabháil maidir le rannpháirtithe a fhreastalaíonn ar thionscnaimh forbartha go leithleach i Nóta 3 – Caiteachas.

***Caiteachas Fáilteachais:***

Tá an caiteachas fáilteachais mar seo a leanas:

| | **2025** | **2024** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Fáilteachas | - | - |

**Ráiteas um Chomhlíonadh**

Ghlac an Chomhairle leis an gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit (2016) agus bhunaigh cleachtais chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon an Chomhairle riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit in 2025.

**Arna shíniú:**

**Fergal Lynch**
**Cathaoirleach**

**Dáta: 03/06/2026**

**John Kearney**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

**Dáta: 03/06/2026**

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
## Ráiteas ar Rialú Inmheánach

**Raon Feidhme na Freagrachta**
Ar son Chomhairle CNOS, aithním freagracht na Comhairle i leith córais éifeachtaigh um rialú inmheánach a choimeád is a oibriú. Cumhdaítear sa fhreagracht úd na ceanglais atá sa Chód Chleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit (2016).

**Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh**
Leagadh amach an córas um rialú inmheánach chun riosca a bhainistiú ag leibhéal measartha seachas fáil réidh leis. Níl an córas in ann ach deimhniú réasúnta, agus ní deimhniú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad mar is cóir agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go n-aimsítear go tráthúil iad.

Tá an córas um rialú inmheánach, a thagann le treoir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, á fheidhmiú sa Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2025 agus chomh fada le dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais ach amháin mar a mhínítear anseo thíos san alt a phléann ceisteanna um rialú inmheánach.

**Cumas Riosca a Láimhseáil**
Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) ag an CNOS ar a bhfuil triúr ball Comhairle agus ball seachtrach amháin, ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta, arb é Cathaoirleach an Choiste é. Tháinig an CIR le chéile sé huaire in 2025.

Anuas air sin bhunaigh an Chomhairle CNOS feidhm iniúchta inmheánaigh ag a bhfuil leordhóthain acmhainní agus a stiúraíonn clár oibre a aontaíodh leis an CIR agus é ceadaithe ag Comhairle CNOS.

D'fhorbair an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca polasaí um bhainistiú riosca, é ceadaithe ag Comhairle CNOS agus leagtar amach inghlacthacht riosca CNOS, na próisis um bhainistiú riosca atá i bhfeidhm maraon le ról agus freagracht foirne maidir le riosca. Dáileadh an polasaí ar an bhfoireann iomlán a oibríonn laistigh de pholasaithe na Comhairle maidir le riosca, chun fainic a chur ar an mbainistíocht maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as riosca agus rialú ina réimse saothair féin.

**Creat Riosca agus Rialaithe**
Tá córas bainistithe riosca i bhfeidhm ag CNOS ina n-aithnítear rioscaí lárnacha agus ina ndéantar tuairisciú orthu chomh maith leis na gnímh bhainistíochta a phléann agus a mhaolaíonn, chomh fada agus is féidir, na rioscaí céanna.

Tá clár riosca again ina n-aithnítear na rioscaí lárnacha roimh CNOS agus rinneadh iad sin a aithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an CIR an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn bliantúil agus cuirtear nuashonrú ar na 5 riosca is mó ar fáil ag gach cruinniú de chuid an CIR. Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Ar an gclár riosca léirítear an rialú agus na bearta atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú mar aon le freagracht baill áirithe foirne as rialú a chur i bhfeidhm. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na gnéithe seo a leanas:

- tá doiciméadú déanta ar na príomhnósanna imeachta gnó, sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus freagracht dá réir;
- tá córas cuí buiséadaithe trína mbeidh buiséad bliantúil ann agus é sin á athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach;
- tá córais i bhfeidhm ina ndírítear ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta eolais agus cumarsáide; agus
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.

**Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach**
Bunaíodh cleachtais fhoirmiúla don fhaireachán ar próisis rialaithe agus cuirtear easpaí sa rialú in iúl dóibh siúd atá freagrach as cúrsaí a cheartú, don bhainistíocht agus don Chomhairle go tráthúil nuair is iomchuí.

Deimhním go bhfuil na córais faireacháin leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- aithníodh rioscaí móra maraon le rialú dá réir is bunaíodh próisis fhaireacháin ar na rialuithe lárnacha chun aon easpa a aithníodh a thuairisciú;
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar a ndáileadh freagracht as bainistiú airgeadais; agus
- déanann bainisteoirí sinsir athbhreithniú rialto ar thuairiscí tréimhsiúla agus ar an bhfeidhmíocht bhliantúil agus ar thuairiscí airgeadais ina léirítear feidhmíocht de réir buiséad/tuartha.

**Bainistiú agus Tuairisciú Airgeadais**
De réir an Chóid Chleachtais ní mór don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) athbhreithniú a dhéanamh ar dhréachtchuntais sula molann siad go nglacfadh an Chomhairle leo roimh iad a chur isteach i gcomhair iniúchta. Rinne an CIR athbhreithniú ar na dréachtchuntais an 19 Feabhra 2026 agus mhol sé go nglacfadh an Chomhairle leo. Ghlac an Chomhairle na dréachtchuntais ag an gcruinniú an 25 Feabhra 2026.

**Soláthar**
Deimhním go bhfuil nós imeachta i bhfeidhm ag CNOS chun comhlíonadh rialacha agus treoracha reatha um chúrsaí soláthair a chinntiú. Le linn 2025, níor tabhaíodh aon chaiteachas i ndáil le hearraí agus seirbhísí i gcás nár chomhlíon na nósanna imeachta a úsáideadh treoirlínte soláthair phoiblí. Leanadh den bhéim ar fhaireachán agus athbhreithniú ar chomhlíonadh soláthair le roinnt blianta anuas go 2025. Déantar athbhreithniú ar chomhlíonadh soláthair ar bhonn míosúil chomh maith le gach ráithe agus tar éis athruithe in 2024, rinneadh teagmháil leanúnach ar fud rannóga ar a bhfuil freagrachtaí soláthair i ndáil le treoir soláthair athbhreithnithe agus ciorcláin náisiúnta.

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht**
Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag CNOS chun faireachán a dhéanamh éifeachtacht a nósanna bainistithe riosca agus rialaithe. Cuirtear bonn eolais faoi fhaireachán agus athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh trí shaothar na n-iniúchóirí idir inmheánach agus seachtrach, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a mhaoirsíonn a saothar agus an bhainistíocht shinsir laistigh de CNOS a bhíonn freagrach as an gcreat inmheánach um rialú airgeadas inmheánach a fhorbairt agus a choinneáil.

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
# Speisialta

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach

---

Is féidir liom a dheimhniú go ndearna an Chomhairle a hathbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha ag an gcruinniú ar an 11 Nollaig 2025.

Tá an Chomhairle sásta go leanann na rialuithe atá i bhfeidhm laistigh den CNOS ag feidhmiú go sásúil agus go héifeachtach.

**Arna shíniú:**

______________________________

**Fergal Lynch Cathaoirleach**

**An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

**Dáta: 03/06/2026**

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinneála don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025

| | Nótaí | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas Stáit | 2 | 31,474,615 | 27,626,033 |
| Cistiú díomhaoin | 2 | 279,700 | 32,311 |
| Aistriú ón gcuntas caipitil | 10 | 73,743 | 55,399 |
| Ioncam Iomlán | | 31,828,058 | 27,713,743 |
| **Caiteachas** | 3 | (32,393,669) | (26,619,277) |
| **(Easnamh)/Barrachas don Bhliain** | | (565,611) | 1,094,466 |
| Cúlchistí ioncaim arna gcoinneáil ag tús na bliana | | 999,040 | (95,426) |
| **Cúlchistí ioncaim arna gcoinneáil ag deireadh na bliana** | | **433,429** | **999,040** |

Baineann gach mír ioncaim agus caiteachais le gníomhaíochtaí

leanúnacha. Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad nótaí 1 go 22.

**Arna shíniú:**

**Fergal Lynch**
**Cathaoirleach**

**Dáta: 03/06/2026**

**John Kearney**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

**Dáta: 03/06/2026**

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025

| | Nótaí | 2025 € | 2024 € |
|---|---|---|---|
| (Easnamh)/Barrachas don Bhliain | | (565,611) | 1,094,466 |
| Gnóthachan achtúireach ar dhliteanais phinsin | 6 (d) | 1,790,000 | 214,000 |
| Coigeartú chuig sócmhainn cistithe pinsin iarchurtha | 6 (d) | (1,790,000) | (214,000) |
| Ioncam cuimsitheach (easnamh) iomlán don bhliain | | (565,611) | 1,094,466 |

Baineann gach mír ioncaim agus caiteachais le gníomhaíochtaí

leanúnacha. Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad nótaí 1 go 15.

**Arna shíniú:**

| | |
|---|---|
| **Fergal Lynch** | **John Kearney** |
| **Cathaoirleach** | **Príomhoifigeach Feidhmiúcháin** |
| **Dáta: 03/06/2026** | **Dáta: 03/06/2026** |

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas ar Staid Airgeadais amhail 31 Nollaig 2025

| | Nótaí | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ NACH SÓCMHAINNÍ REATHA IAD** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 7 | 26,830 | 100,573 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Infháltais | 8 | 2,347,255 | 1,358,911 |
| Airgead tirim agus a choibhéis | | 1,881,949 | 2,976,238 |
| **IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ REATHA** | | 4,229,204 | 4,335,149 |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | |
| Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | 9 | (3,795,775) | (3,336,109) |
| **GLANDLITEANAIS REATHA** | | 433,429 | 999,040 |
| **IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAIS REATHA** | | 460,259 | 1,099,613 |
| **DLITEANAIS NACH DLITEANAIS REATHA IAD** | | | |
| Oibleagáidí sochar scoir | 6 | 2,125,000 | 2,449,000 |
| Sócmhainn cistithe sochar scoir iarchurtha | 6 | (2,125,000) | (2,449,000) |
| **GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA** | | 460,259 | 1,099,613 |
| **CAIPITEAL AGUS CÚLCHISTÍ** | | | |
| Cúlchistí ioncaim coinneála | | 433,429 | 999,040 |
| Cuntas caipitil | 10 | 26,830 | 100,573 |
| | | 460,259 | 1,099,613 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad nótaí 1 go 15.

**Arna shíniú:**

**Fergal Lynch**
**Cathaoirleach**

**John Kearney**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

**Dáta: 03/06/2026**

**Dáta: 03/06/2026**

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas ar Shreafaí Airgid
## don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2025

| | Nótaí | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Réiteach ar easnamh oibriúcháin ar** | | | |
| **Ghlan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Barrachas (easnamh)/oibriúcháin don bhliain | | (565,611) | 1,094,467 |
| Dímheas | 7 | 39,101 | 54,205 |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | 7 | 34,642 | 1,194 |
| Aistriú chuig cuntas caipitil | 10 | (73,743) | (55,399) |
| Méadú ar infháltais | 8 | (988,344) | (690,012) |
| Méadú ar mhéideanna iníoctha | 9 | 459,666 | 2,292,290 |
| Glan-insreabhadh (eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | (1,094,289) | 2,696,745 |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a fháil | 7 | - | - |
| **(Laghdú)/méadú ar airgead tirim agus a choibhéis** | | (1,094,289) | 2,696,745 |
| | | | |
| Airgead tirim agus a choibhéis amhail 1 Eanáir | | 2,976,238 | 279,493 |
| Airgead tirim agus a choibhéis amhail an 31 Nollaig | | 1,881,949 | 2,976,238 |
| **(Laghdú)/méadú ar airgead tirim agus a choibhéis** | | (1,094,289) | 2,696,745 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad nótaí 1 go 15.

**Arna shíniú:**

**Fergal Lynch**
**Cathaoirleach**

**John Kearney**
**Leas-Chathaoirleach**

## An Chomhairle Náisiúnta um
## Oideachas Speisialta

**Dáta: 03/06/2026** **Dáta: 03/06/2026**

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais iad na nótaí seo agus ba chóir iad a léamh in éineacht leo.

### 1. ACHOIMRE AR BHEARTAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA

Leagtar amach na beartais shuntasacha cuntasaíochta a bhí i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú anseo thíos. Cuireadh na beartais sin i bhfeidhm go comhsheasmhach ar gach bliain a léirítear ach amháin má tá a mhalairt curtha in iúl.

### 1.1 Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais 102 “An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais a bhaineann leis an RA agus Poblacht na hÉireann“ (“FRS102“). Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe cuntasaíochta ach amháin ioncam a shonraítear i Nóta 1.4 thíos, agus de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil.

### 1.2 An t-airgeadra ina dtuairiscítear

Is in Euro (“€”) a léirítear ráitis airgeadais na Comhairle agus sin é airgeadra feidhmeach na Comhairle. Déantar idirbhearta a bhíonn ainmnithe in airgeadraí coigríche a thaifeadadh ag an ráta malartaithe atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgid atá ainmnithe in airgeadraí coigríche a aistriú go euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag deireadh na bliana. Pléitear leis na difríochtaí iarmhartacha malartaithe i gcinneadh ioncaim agus caiteachais don bhliain airgeadais.

### 1.3 Gnóthas Leantach

Comhlíonann an CNOS a riachtanais chaipitil oibre ó lá go lá trína ghníomhaíochtaí cistithe agus a iarmhéideanna airgid thirim. Tá ionchas réasúnta ag an gComhairle go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an CNOS chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú go ceann i bhfad. Tá earcaíocht do 90 teiripeoir breise ar siúl i gcónaí don Scéim nua um Sheirbhís Teiripe Oideachais (ETS) a chuirfidh tacaíocht ar fáil ar dtús do 45 scoil speisialta. Rachaidh cur i bhfeidhm céimneach na scéime ar aghaidh ar bhonn céimnithe, agus é mar aidhm go mbeidh teiripeoir sannta ag gach scoil speisialta sa scoilbhliain 2026/27. Le himeacht ama, leathnóidh an tseirbhís chun ranganna speisialta agus príomhshrutha araon a chur san áireamh. Cuirfidh an Roinn cistiú breise ar fáil chun feidhmiú céimneach na scéime sin a éascú. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhun gnóthais leantaigh.

### 1.4 An Tréimhse Chuntasaíochta

Cumhdaítear leis na na Ráitis Airgeadais an bhliain ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025.

### 1.5 An tIoncam

Tá ioncam ar bhonn fáltais airgid thirim agus is ionann é agus an méid a íoctar go díreach leis an CNOS:

- ón Roinn Oideachais agus Scileanna don bhliain mar dheontas i gcomhréir le hAlt 43 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta acu, 2004.

**1. ACHOIMRE AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SHUNTASACHA (*ar lean*)**

### 1.6 Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

Sloinntear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag costas lúide dímheas carntha agus lúide aon chaillteanas lagaithe carntha. Áirítear leis an gcostas stairiúil caiteachas atá inchurtha go díreach i leith an tsócmhainn a thabhairt chuig an suíomh agus an coinníoll is gá chun go mbeidh sí in ann oibriú ar an mbealach atá beartaithe ag an mbainistíocht.

Gearrtar dímheas de réir mhéid chothroim ag rátaí a mheastar chun costas na sócmhainní a dhíscríobh thar a saolré mheasta mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Troscán agus feistis | 10 mbliana |
| Trealamh oifige | 5 bliana |
| Trealamh ríomhaireachta | 5 bliana |
| Athchóiriú léasach | 20 bliain |
| Bogearraí ríomhaireachta/suíomh gréasáin | 3 bliana |

Déantar athbhreithniú ar luach iompartha na réadmhaoine, gléasra agus trealaimh ó thaobh lagú de má cheaptar nach féidir iad a aisghabháil de dheasca eachtraí nó athrú dálaí. Ag deireadh gach bliain airgeadais déantar athbhreithniú ar shaol úsáideach, luach fuílligh agus modhanna titime, agus socraítear iad mar is cuí.

Cinntear gnóthachain agus caillteanais ar dhiúscairtí trí chomparáid a dhéanamh idir na fáltais agus an tsuim ghlanluacha agus aithnítear iad sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

Leagtar amach beartas CNOS maidir le soláthar agus diúscairt sócmhainní seasta CNOS ina Beartais Airgeadais agus ina Lámhleabhar Nósanna Imeachta atá ar aon dul le ciorcláin na Roinne Airgeadais/na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, leis na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí agus leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016.

Is é beartas sócmhainní seasta CNOS sócmhainní a bhfuil saolré níos mó ná bliain amháin acu agus luach níos mó ná €10,000 ón 1 Eanáir 2021 a chaipitliú de réir Chiorclán na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 21/2020.

### 1.7 Cuntas caipitil

Is ionann an cuntas caipitil agus luach neamh-amúchta an ioncaim as a mbaintear leas chun sócmhainní seasta a chistiú.

### 1.8 Sochair d'fhostaithe

Soláthraíonn an Chomhairle réimse sochar do na fostaithe, san áireamh tá socruithe pá le linn saoire.

---

*Sochair ghearrthréimhse*
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, pá saoire san áireamh, mar chostas le linn na tréimhse ina bhfaightear an tseirbhís.

**1. ACHOIMRE AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SHUNTASACHA (*ar lean*)**

**1.8 Sochair fostaithe (*ar lean*)**

*Costas sochar scoir*

Foráiltear in alt 25 (5) d'Acht EPSEN gur státseirbhísigh atá i bhfoireann na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Is scéimeanna sochair shainithe atá i Scéimeanna Aoisliúntais na Státseirbhíse agus atá neamhchistithe agus á riaradh ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ní ghearrtar aon mhuirear sna ráitis airgeadais d'aon dliteanas a d'fhéadfadh teacht aníos maidir leis na baill foirne sin. Beidh teidlíocht sochair foirne mar fheidhm a seirbhíse sa Chomhairle ag baill fhoirne, agus mar fheidhm aon seirbhíse roimhe sin sa státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí, nuair is cuí. Ní chistítear an Chomhairle maidir lena leithéid de theidlíochtaí sochair. Dá réir sin meastar nach bhfuil feidhm leis na Riachtanais atá i FRS 102 maidir le pleananna sochair shainithe, agus nach bhfuil gá lena thuilleadh nochta.

Is baill de Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí iad baill foirne nua a fhostaíonn an Chomhairle tar éis an 1 Eanáir 2013, de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile), 2012. Déanann an Chomhairle na hasbhaintí riachtanacha as tuarastail foirne atá rannpháirteach sa scéim. Tá tuilleadh sonraí i nóta 6.

**1.9 Breithiúnas agus meastacháin a úsáid**

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, rinne an bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a théann i gcion ar bheartais chuntasaíochta an an eintiteas agus an méid sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus caiteachas a tuairiscíodh. D'fhéadfadh na torthaí iarbhír a bheith difriúil leis na meastacháin sin. Déantar athbhreithniú go rialta ar na meastacháin agus na toimhdí bunúsacha. Aithnítear leasuithe ar mheastacháin go hionchasach.

**2. IONCAM**

Chuir an Roinn Oideachais na cistí seo a leanas ar fáil don Chomhairle – féach freisin Nóta 13 chun tuilleadh sonraí a fháil.

| | **2025**<br>**€** | **2024**<br>**€** |
|---|---|---|
| Deontas don Chomhairle | 31,474,615 | 22,918,160 |
| An tSamhail um Ionchuimsiú Scoile[2] | - | 4,707,873 |
| Cistiú Díomhaoin[3] | 279,700 | 32,311 |
| | **31,754,315** | **27,658,344** |

[2] Cuireadh deireadh leis an tSamhail um Ionchuimsiú Scoile agus ina háit ar leithdháileadh maoiniú ina leith agus a ionsúadh isteach sa phríomhdheontas ón Roinn a leagtar amach thuas.
[3] Fuarthas cistiú díomhaoin de €311,525 in 2025 don Tionscadal i dTreo an Ionchuimsithe. Níor caitheadh €31,824 den deontas sin in 2025, agus tabharfar ar aghaidh é go 2026 mar ioncam iarchurtha.

| **3.** | **CAITEACHAS** | **2025** | **2024** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| | Priontáil, postas and stáiseanóireacht[3] | 479,759 | 294,560 |
| | Cíos agus rátaí | 837,121 | 947,337 |
| | Teileafón | 187,542 | 178,121 |
| | Solas agus teas[4] | 76,439 | 98,182 |
| | Deisiúcháin agus cothabháil | 227,860 | 283,137 |
| | Oiliúint agus forbairt[5] | 1,817,940 | 1,938,597 |
| | Oiliúint agus rannpháirtithe (FGL)[6] | 971,552 | 791,501 |
| | Costas taistil agus cothabhála[7] | 2,400,688 | 2,132,700 |
| | Rannpháirtithe taistil agus cothabhála[8] | 516,461 | 394,535 |
| | Caiteachas ar chruinnithe | 63,217 | 75,040 |
| | Costais ghinearálta[9] | 131,333 | 32,451 |
| | Táillí earcaíochta | 268,648 | 259,696 |
| | Caiteachas taighde[10] | 405,636 | 276,140 |
| | Speansais TF[11] | 2,248,253 | 1,009,175 |
| | Táillí comhairleoireachta[12] | 243,434 | 89,793 |
| | Seirbhísí seachfhoinsithe[13] | 97,551 | 36,847 |
| | Seirbhísí gairmiúla agus idirghabháil[14] | 313,298 | 83,967 |
| | Táille Iniúchta Inmheánaigh | 34,142 | 33,980 |
| | Táille Iniúchta Sheachtraigh | 35,400 | 32,200 |
| | Táillí Cuntasaíochta | 37,315 | 35,289 |
| | Táillí dlí[15] | 188,830 | 103,314 |
| | Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní dochta (Nóta 7) | 34,642 | 1,194 |
| | Conradh don Tionsnamh Teiripe ar Scoil[16] | 7,053 | 913,840 |
| | Pá agus tuarastail (Nóta 4) | 18,015,564 | 15,005,000 |
| | ÁSPC Fostóra | 1,825,034 | 1,486,165 |
| | Costais mhótair[17] | 9,999 | - |
| | Tuarastail altraí | 600,156 | - |
| | I dtreo tionscadal cuimsithe | 279,701 | 32,311 |
| | Dímheas (Nóta 7) | 39,101 | 54,205 |
| | **Caiteachas Iomlán** | 32,393,669 | 26,619,277 |

[3] Tá méadú ar chaiteachas mar thoradh ar leibhéil foirne fheabhsaithe a bhfuil leibhéil ghníomhaíochta níos airde mar thoradh air lena n-áirítear costais chúiréireachta.
[4] Chuir cruthú Fhoireann thiomnaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide leis an laghdú ar chostais fuinnimh.
[5] Tá an laghdú mar gheall ar leibhéal níos ísle gníomhaíochta in oiliúint foirne.
[6] Léirítear leis sin na costais oiliúna a bhaineann le FGL a chur ar fail do rannpháirtithe, lena n-áirítear costais ionaid, costais an léachtóra agus costais an chúrsa, chomh maith le méadú ar an ngníomhaíocht in 2025.
[7] Tháinig méadú ar thaisteal agus ar chothabháil in 2025 mar gheall ar earcaíocht bhreise foirne a bhain le leathnú an CNOS mar aon le cuairteanna breise scoile a bheith á ndéanamh ag baill foirne túslíne. Caitheadh €45,520 (2024: €27,032) ar thaisteal thar lear agus cothabháil le linn na bliana.
[8] Léirítear leis seo na costais taistil agus chothabhála a thabhaigh rannpháirtithe a d'fhreastail ar chúrsaí Forbartha Gairmiúla Leanúnaí, rud ar tháinig méadú air mar gheall ar líon méadaithe imeachtaí.
[9] Tá an méadú inchurtha i leith an mhéadaithe ar líon na foirne, rud a fhágann costais ghinearálta oifige níos airde, costais bhreise a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht, agus liúntais oifige baile do Chomhairleoirí.
[10] Seachadadh tionscadal taighde a bhí sceidealaithe lena sheachadadh in 2026 níos luaithe ná mar a bhíothas ag súil leis, agus seachadadh tionscadal taighde a bhí sceidealaithe lena sheachadadh in 2024 níos déanaí ná mar a bhíothas ag súil leis le linn 2025.
[11] Baineann an méadú le costais cheadúnais bogearraí níos airde, costais a bhaineann le forbairt an tsuímh ghréasáin, leibhéil foirne mhéadaithe, agus nuachóiriú ár gcóras.

**3. CAITEACHAS (*ar lean*)**

[12] Tabhaíodh táillí comhairleoireachta maidir le próisis TF/sonraí agus claochlaithe/feabhsúcháin ghnó.
[13] Léiríonn sé sin costais mhéadaithe a bhaineann le leibhéil foirne mhéadaithe agus riachtanas le haghaidh ceadúnais úsáideora bhreise.
[14] Leibhéal méadaithe cuairteanna gairmiúla ar thug an fhoireann fúthu agus forbairt córas chun ár mbainistíocht sonraí agus faisnéise a fheabhsú.
[15] Tá méadú ar chaiteachas dlíthiúil.
[16] Tá an tionscadal teiripe scoile tugtha chun críche agus tá an tSeirbhís Teiripe Oideachais á cur ina áit. Ionsúadh buiséad na Seirbhíse Teiripe Oideachais isteach i gcroíchaiteachas. Tá an caiteachas ar altranas á thaispeáint ar leithligh anois faoi chaiteachas tuarastail Altraí.
[17] Is ionann an costas sin agus costais léasa veain, a fuarthas mar gheall ar an méadú ar an líon foirne agus gníomhaíochtaí méadaithe.

**4. PÁ AGUS TUARASTAIL**

Tá beartas an Rialtais i ndáil le pá an phríomhfheidhmeannaigh agus gach fostaí de chuid comhlachtaí stáit á chur chun feidhme. Ba iad 325 (2024: 287) líon na mball foirne a bhí fostaithe ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ag deireadh na bliana 2025, é sin comhdhéanta de 202 bhall foirne Seirbhísí Áitiúla (2024: 173) agus 123 ball foirne Ceann Oifige (2024: 114).

Ba é €10,209,183 (2024: €7,051,319), an caiteachas ar thuarastail d'fhoireann Seirbhísí Áitiúla agus €1,745,276 (2024: €1,442,589) d'Fhoireann na Seirbhíse Teiripe Oideachais (an Tionscadal Teiripe sa Scoil roimhe seo) agus €8,139,506 (2024: €9,047,115) i dtuarastail foirne na Ceannoifige, a thugann iomlán de € 20,093,965 (2024: €17,541,023). Áirítear ar na hiomláin sin nialas (2024: €1,250) a íocadh mar ragobair agus €27,251 (2024: €25,156) a íocadh mar liúntais dleachta níos airde.

Asbhaineadh ranníocaíochtaí aoisliúntais arbh fhiú €605,550 iad ó thuarastail na mball foirne i gcaitheamh na bliana (2024: €493,360). Sheol an CNOS € 605,550 chuig an Roinn Oideachais i rith na bliana (2024: €496,789).

Rinneadh asbhaintí €991,420 maidir le pinsean ó thuarastail foirne i gcaitheamh na bliana (2024: €760,967). Sheol an CNOS €846,641 chuig an Roinn Oideachais i rith na bliana (2024: €660,538).

Ní ghearrtar costas foirne a sholáthraíonn réimse seirbhísí as a bhfuil an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta freagrach ach a bhfostaíonn an Roinn Oideachais nó boird bhainistíochta an fhoireann ina leith chuig cuntais CNOS.

**5. COSTAIS, TÁILLÍ COMHALTAÍ NA COMHAIRLE AGUS LUACH SAOTHAIR POF**

Ní íoctar táillí do bhaill na Comhairle maidir lena ról mar bhaill Chomhairle an CNOS. Tá baill na comhairle i dteideal airgead atá caite acu ar thaisteal agus cothabháil a éileamh. In 2025 éilíodh €5,382 (2024: €6,976).

Is Ard-Rúnaí Cúnta de chuid na státseirbhíse atá sa Phríomhfheidhmeannach (POF). €178,512 in 2025 (2024: €165,285) a bhí i luach saothair POF. Is ball den scéim aoisliúntais do Státseirbhísigh Bhunaithe é an POF agus ní shíneann na teidlíochtaí pinsin thar theidlíochtaí caighdeánacha na scéime – féach leis, Nóta 1.8. Sochair d'Fhostaithe.

**5. COSTAIS, TÁILLÍ BHAILL NA COMHAIRLE AGUS LUACH SAOTHAIR POF (*ar lean*)**

Ba é €809,193 an luach saothair iomlán do phríomhphearsanra bainistíochta do 2025 (2024: €720,477). Is iad an POF agus na Príomhoifigigh a thuairiscíonn go díreach don POF na príomhphearsanra bainistíochta.

**6. COSTAIS SOCHAR SCOIR**

Tá scéim aoisliúntais le sochar sainithe ag foireann na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Is scéimeanna sochair shainithe atá i Scéimeanna Aoisliúntais na Státseirbhíse agus atá neamhchistithe agus á riaradh ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Maoinítear na sochair ar an mbonn "íoc mar a thuillir", ní choimeádtar aon sócmhainn maidir le dliteanas carntha pinsin foireann an CNOS, ná ní bhíonn aon mhuirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Oibríonn an CNOS freisin an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (an "Plean") do 207 ball foirne (2024: 166) a tháinig isteach san earnáil phoiblí mar bhall nua foirne ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Scéim pinsin le sochar sainithe is ea é agus í curtha san áireamh ag an CNOS agus a ndualgais um shochar sainithe scoir á meas de réir FRS 102. Íoctar gach ranníoc um shochar fostaí ar scor isteach i gcuntas sochair scoir de chuid an Stáit. Oibrítear an scéim ar bhonn íoc-mar-a-thuillir as cistiú lárnach an na Comhairle. Gearrtar na teidlíochtaí aoisliúntais a eascraíonn as an scéim úd ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais i mbliain a dtuillte.

Is ar luacháil achtúireach iomlán ó achtúire neamhspleách cáilithe a bunaíodh an mhodheolaíocht mheastóireachta agus cuireadh san áireamh riachtanais FRS 102 chun dliteanais na scéime faoin 31 Nollaig 2025 a mheas.

Ba iad seo a leanas na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun na dliteanais faoin scéim a ríomh:

| | **2025** | **2024** |
|---|---|---|
| Ráta Lascaine | 4.40% | 3.10% |
| Boilsciú praghsanna | 2.00% | 2.50% |
| Méaduithe ar Thuarastal | 3.00% | 3.50% |
| Méaduithe ar Phinsean Stáit | 2.50% | 2.50% |
| Méaduithe ar Phinsean Stáit Measta | 2.00% | 2.50% |

**Ionchas saoil**

Déantar foráil sa bhonn básmhaireachta d'fheabhsuithe ar ionchas saoil i gcaitheamh ama, ar shlí go mbraithfidh an t-ionchas saol ag am scoir ar an mbliain ina slánaíonn an ball aois scoir. Sa tábla thíos taispeántar an t-ionchas saoil do bhaill a shlánaíonn aois 65 in 2025 agus in 2024.

| ***Bliain shlánaithe 65*** | **2025** | **2024** |
|---|---|---|
| Ionchas saoil – fear (i mblianta) | 21.4 | 21.3 |
| Ionchas saoil – bean (i mblianta) | 23.7 | 23.6 |

**6. COSTAIS SOCHAR SCOIR (*ar lean*)**

**(a) Anailís ar an méid a ghearrtar chuig brabús oibríochta**

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---:|---:|
| Costas seirbhíse reatha | 1,351,000 | 738,000 |
| Ús ar dhliteanais sochair shainithe | 118,000 | 58,000 |
| Costais sochar foirceannta | - | - |
| | 1,469,000 | 796,000 |
| Cistiú inghnóthaithe maidir le costais scoir na bliana reatha | 1,469,000 | 796,000 |

**(b) Sócmhainn cistithe sochar scoir iarchurtha**

Aithníonn an CNOS an méid seo mar shócmhainn a fhreagraíonn don dliteanas neamhchistithe iarchurtha do phinsin ar bhonn na sraithe toimhdí a ndéantar cur síos orthu thuas maraon le roinnt teagmhas roimhe sin. Ar na teagmhais sin áirítear an bonn reachtúil do bhunú an Phlean, maraon leis an mbeartas agus an leis an gcleachtas atá ar bun faoi láthair maidir le pinsin na seirbhíse poiblí a chistiú, ranníocaíochtaí fostaithe agus próiseas na meastachán bliantúil san áireamh.

Níl fianaise ag an CNOS nach leanfar den mbeartas cistithe sin chun na suimeanna sin a íoc de réir an chleachtais reatha. Má bhunófar sócmhainn i gcomhair na n-oibleagáidí um Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, cisteofar na hoibleagáidí sin go lárnach.

**(c) Gluaiseacht in oibleagáidí sochar sainithe**

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---:|---:|
| Oibleagáid sochair scoir ghlan amhail 1 Eanáir | (2,449,000) | (1,870,000) |
| Costas Seirbhíse Iomlán Fostaí | (1,351,000) | (738,000) |
| Ús glan ar dhliteanas sainithe glan | (118,000) | (58,000) |
| Gnóthachan achtúireach le linn na bliana | 1,790,000 | 214,000 |
| Pinsin arna n-íoc sa bhliain | 3,000 | 3,000 |
| Oibleagáid sochair scoir ghlan amhail an 31 Nollaig | (2,125,000) | (2,449,000) |

**(d) (Caillteanas)/gnóthachan achtúireach**

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---:|---:|
| Gnóthachan sa bhliain | | |
| Gnóthachan achtúireach le linn na bliana | 1,790,000 | 214,000 |

| | | |
|---|---|---|
| Gnóthachan achtúireach iomlán don bhliain dar críoch an 31 Nollaig | 1,790,000 | 214,000 |

**7. RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH**

| Costas | Athchóiriú léasach € | Trealamh oifige € | Troscán € | Trealamh ríomhaireachta € | Bogearraí ríomhaire/suíomh idirlín € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Amhail an 1 January 2025 | 610,351 | 120,044 | 652,498 | 759,420 | 446,126 | 2,588,439 |
| Breiseanna | - | - | - | - | - | - |
| Diúscairt | - | - | (242,146) | (358,158) | - | (600,304) |
| Amhail an 31 Nollaig 2025 | 610,351 | 120,044 | 410,352 | 401,262 | 446,126 | 1,988,135 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Amhail an 1 January 2025 | 610,351 | 119,100 | 585,069 | 727,220 | 446,126 | 2,487,866 |
| Muirear don bhliain | | 944 | 22,897 | 15,260 | | 39,101 |
| Diúscairtí | - | - | (212,555) | (353,107) | - | (565,662) |
| Amhail an 31 Nollaig 2025 | 610,351 | 120,044 | 395,411 | 389,373 | 446,126 | 1,961,305 |
| **Glanluach na leabhar** | | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | - | 944 | 67,429 | 32,200 | - | 100,573 |
| Amhail an 31 Nollaig 2025 | - | - | 14,941 | 11,889 | - | 26,830 |

**8. INFHÁLTAIS**

| | 2025 € | 2024 € |
|---|---|---|
| Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhraithe | 1,780,270 | 1,184,179 |
| Infháltais | 566,985 | 174,732 |
| | 2,347,255 | 1,358,911 |

Tá gach infháltas dlithe laistigh d'aon bhliain amháin.

**9. DLITEANAIS REATHA**

| **Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin** | 2025 € | 2024 € |
|---|---|---|
| Iníoctha le soláthraithe | 1,338 | 15,491 |
| Cánachas Breisluacha | 120,170 | 95,490 |
| Asbhaintí Párolla | 453,783 | 368,867 |
| Soláthar do phá saoire | 1,136,452 | 923,033 |
| Fabhruithe agus Ioncam Iarchurtha | 2,078,591 | 1,926,299 |
| Airgead iníoctha eile | 5,441 | 6,930 |
| | 3,795,775 | 3,336,109 |

**10. CUNTAS CAIPITIL**

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 100,573 | 155,972 |
| Ioncam a úsáidtear chun sócmhainní a fháil | -<br>(34,642) | -<br>(1,194) |
| Scaoileadh ar dhiúscairt sócmhainní | | |
| Amúchadh de réir luachlaghdú sócmhainní | (39,101) | (54,205) |
| Aistriú ón gcuntas ioncaim agus caiteachais | (73,743) | (55,399) |
| Iarmhéid deiridh | 26,830 | 100,573 |

**11. CEANGALTAIS FAOI LÉASANNA OIBRÍOCHTA**

Oibríonn an CNOS gréasán de 37 n-oifig ar fud an Stáit, lena n-áirítear a Ceanncheathrú i mBaile Átha Troim, Contae na Mí. Is ar cíos a fhaightear formhór na n-oifigí ó eintitis atá á gcistiú ag an Rialtas. Oibrítear seacht n-oifig déag trí chomhaontuithe léasa* idir an CNOS agus comhlachtaí tráchtála.

Tá comhaontuithe ligin ag an CNOS le 7 gcomhlacht tráchtála:

- Léas 1 i gCabhán (RM2) ar feadh 1 bhliain amháin ag tosú ar an 8 Nollaig 2025, cíos bliantúil €4,000
- Léas 2 sa Chabhán (RM3) ar feadh 1 bhliain amháin ag tosú ar an 8 Nollaig 2025 cíos bliantúil €5,000
- Léas 3 i gCeatharlach (aonad 22) ar feadh 2 bhliain ag tosú ar an 1 Feabhra 2025, cíos bliantúil €4,194
- Léas 4 i gCeatharlach (aonad 23) ar feadh 2 bhliain ag tosú ar an 1 Feabhra 2025, cíos bliantúil €6,077
- Léas 5 i Mainistir Fhear Maí ar feadh 5 bliana ag tosú ar an 1 Deireadh Fómhair 2024, cíos bliantúil €15,000
- Léas 6 i Mala ar feadh 1 bhliain amháin ag tosú ar an 1 Eanáir 2025, cíos bliantúil €7,000
- Léas 7 sa Tulach Mhór ar feadh 1 bhliain amháin ag tosú ar an 1 Eanáir 2025, cíos bliantúil €16,660
- Léas 8 i dTrá Lí le haghaidh comhaontú 1 bhliain amháin ag tosú ar an 1 Eanáir 2025, cíos bliantúil €33,010
- Léas 9 sa Mhí ar feadh 2 bhliain, comhaontú arna nuashonrú agus tosaíonn an léas nua ar an 1 Samhain 2025, cíos bliantúil €28,782
- Léas 10 i mBaile Átha Cliath (Seomra 0208) ar feadh bliain amháin arna nuashonrú agus tús á chur le léas nua Aibreán 2025, cíos bliantúil €32,608
- Léas 11 i mBaile Átha Cliath (Seomra 0210) ar feadh bliain amháin arna nuashonrú agus tús á chur le léas nua i mí Aibreáin 2025, cíos bliantúil €22,223
- Léas 12 i mBaile Átha Cliath (Seomra 0213) ar feadh bliain amháin arna nuashonrú agus tús á chur le léas nua i mí Aibreán 2025, cíos bliantúil €22,913
- Léas 13 i mBaile Átha Cliath (Seomra 0214) ar feadh bliain amháin arna nuashonrú agus tús á chur le léas nua i mí Aibreán 2025, cíos bliantúil €15,687

**11. CEANGALTAIS FAOI LÉASANNA OIBRÍOCHTA (*ar lean*)**

- Léas 14 i mBaile Átha Cliath (Seomra 0216) ar feadh bliain amháin arna nuashonrú agus tús á chur le léas nua i mí Aibreáin 2025, cíos bliantúil €15,687
- Léas 15 i mBaile Átha Cliath (Seomra 0220) ar feadh bliain amháin arna nuashonrú agus tús á chur le léas nua i mí Aibreán 2025, cíos bliantúil €22,913
- Léas 16 i mBaile Átha Cliath (stóráil) ar feadh 1 bhliain ag tosú ar an 19 Meán Fómhair 2025, cíos bliantúil €8,285
- Léas 17 sa Mhí ar feadh 2 bhliain ag tosú ar an 1 Samhain 2025, cíos bliantúil €14,760

Ba é €265,800 (2024: €203,888) an cíos bliantúil agus an muirear seirbhíse a gearradh ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais le haghaidh comhaontuithe léasa inar cuimsíodh cíos breise nach raibh clúdaithe faoi chomhaontú.

Ag deireadh na bliana tá íocaíochtaí léasa íosta faoi léasanna oibríochta ag an gComhairle a bheidh dlite mar seo a leanas:

| | **2025** | **2024** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Laistigh de bhliain amháin | 265,800 | 138,913 |
| Le linn na mblianta 2 to 5 | 60,000 | 35,700 |
| Ag dul in éag dá éis sin | - | - |
| | 325,800 | 174,613 |

**11. ÁITREABH**

Tá áitreabh ag an CNOS ag 1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Co. An Mhí faoi chomhaontú cíosa le hOifig na nOibreacha Poiblí. Bhí an comhaontú som a thosaigh in 2004, ann ar feadh téarma 20 bliain agus d'fhan sé i bhfeidhm do 2025 le muirear cíosa bliantúil de €87,646. Ina theannta sin, tá socruithe cíosa i bhfeidhm ag an CNOS le hOifig na nOibreacha Poiblí ar 19 réadmahoin eile. Níl aon chomhaontú reatha i scríbhinn ann idir Oifig na nOibreacha Poiblí agus CNOS maidir leis sin agus thug Oifig na nOibreacha Poiblí le fios go bhfuil siad ag féachaint air sin mar chuid dá sainchúram foriomlán maidir le cíos oifige a sholáthar do chomhlachtaí/ghníomhaireachtaí Rialtais.

Tá áitribh ag CNOS i seacht nIonad Oideachais. Tá comhaontuithe scríofa i bhfeidhm do gach Ionad in 2025. Ina theannta sin, tá bunáit ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta i mbunscoil amháin agus tá comhaontú i scríbhinn i bhfeidhm in 2025.

Tá seacht gcomhaontú ligin ag an CNOS le seacht gcomhlacht tráchtála, agus faigheann sé áitreabh ar cíos freisin ó chomhlacht tráchtála eile nach bhfuil aon chomhaontú ligin i bhfeidhm ann.

Is é €837,121 (2024: €947,337) an cíos bliantúil iomlán agus an muirear seirbhíse a áirítear sna ráitis airgeadais do 2025.

**13. SEASAMH MAIDIR LE CISTIÚ**

Deontas is ea ioncam an CNOS ón Roinn Oideachais agus Scileanna a chuirtear ar fáil chun freastal ar dhliteanais a thagann in aibíocht le linn na bliana i gcodarsnacht le caiteachas a thabhaítear le linn na bliana. Freastalófar ar easnamh ar bith trí chistiú a thabharfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna don CNOS amach anseo. Ar an mbonn sin measann an Chomhairle gur cuí leanúint ar aghaidh ag glacadh leis an mbonn gnóthais leantaigh chun na ráitis airgeadais a ullmhú.

| | |
|---|---|
| Cisiú Státchiste faighte lena n-áirítear ioncam iarchurtha | 31,474,615 |
| Cistiú na gCuntas Díomhaoin a fuarthas lena n-áirítear ioncam fabhraithe agus ioncam iarchurtha | 311,525 |
| **Iomlán faighte lena n-áirítear ioncam iarchurtha/fabhraithe** | **31,786,140** |

San áireamh i gcistiú na gCuntas Díomhaoin tá suimeanna fabhraithe de €150,000 agus iarchurtha de €31,824.

Ceanglaítear ar an CNOS fabhrú le haghaidh chostas teidlíochtaí saoire bliantúla neamhúsáidte ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe (Nóta 9). Fabhraíodh €1,136,452 sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 (2024: €923,033). Tá gach saoire bhliantúil atá carntha ag deireadh na bliana faoi réir rialacha Ciorcláin 27/03 agus Ciorcláin 06/2011. Dá réir sin is féidir cuid den tsaoire bhliantúil a thabhairt anonn faoi réir teorainneacha, agus chomh maith leis sin féadann baill foirne saoire bhliantúil a chailliúint má tá an iomarca di carntha acu.

**14. BAILL NA COMHAIRLE – NOCHTADH LEASA**

Ghlac an Chomhairle nósanna imeachta i gcomhréir le Cód Cleachtais na Roinne Airgeadais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit 2016 i ndáil le nochtadh leasanna Chomhaltaí na Comhairle.

**15. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS**

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais ag an gcruinniú an 25 Feabhra 2026 ar an moladh ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an gcruinniú an 19 Feabhra 2026.